

Má bhí an sgéal go h-olc i Nua Eabhrach bhí sé go h-aindeis ar fad sa Bhreatain Mhoir. Ceal oibre bhí os cionn leath na tíre beo ar an riaghaltas. Sna bailte móra go léir chitheá na mílte fear agus ban, cuma an ocras ortha, ag feitheamh go foighdeach go ndáilte arán ortha. Ba chreathnuighe fós cuma an eadóchais a fheiscint i suilibh na ndaoine seo. Maidir liom fhéin de, ní rabhas a dhath níos fearr as ná duine ar bith eile. B'éigean dom maireachtáil ar an deirce. D'feadfainn, is dócha, triall abhaile go h-Eirinn mar a bhéadh fáilte romham agus go leor le n-ithe agam, acht ba nair liom filleadh agus mo dha laimh chomh fada lena cheile. Thairis sin ba leasg liom a chreidbheáil go raibh mo chuid ádha reaithte go foill. Mhionnuigh mé go ndeanfainn an obair is suaraighe acht i bheith ar fagháil agus i bheith macánta. Ó tharla go raibh lámh agam ar an iascaireacht óm óige chois fairrige moladh dom triall ó thuaidh ar na bailte sin i Sasana nó in Albain a bhfuil an t-iascaireacht mar ghnó ionnta. Rinne mé amhlaidh go bhfuair mé seachtmhain oibre annseo is annsúd, i Dundee, Whitby agus Scarborough, ag glanadh iasg nó ghá gcur i mboscaí nó ghá lodáil ar na traenacha lena seoladh go Lunndain. Sa deire, nuair a chonnacthas go raibh fonn oibre orm agus tuigse agam do'n ghnó, tairgeadh post dom mar bhall de'n fhuirinn ar traileir a bhí ar tí seolta ó Ghrimsby le raithe iascaireachta a dheanamh 'sna fairrigí ó thuaidh. Bhí fhios agam go mbéadh an obair dian orm arae bhí dubhluachar an Gheimhridh ann agus bhíos féin bog i gcorp ó bheith a' maireachtáil go soghamhail ar feadh na mbliadhan. 'Na dhiaidh sin ghlac mé go fonnmar lei; d'feadh a rádh nach raibh an dara rogha agam.

Ní thuigim fós cionnus a d'éirigh liom an chéad bhabhta iascaireachta úd san Aigéan Atlantach a chur diom. Chuaidh an fuacht go croidhe ionnam da mhéid éadaigh a chaithfinn; ní tuisge an t-anál as mo bheal ná bhí sé síochta ar phollairí mo shroin. Minic a shíl mé go raibh na scamhoga féin reoidhte istoigh ionnam. Agus an obair! An síor obair leis na líonta a tharrac isteach, na h-éisg a bhaint asta agus na líonta a chur i bhfairrige arís. Ní tuisge an last sin glanta agus curtha i leath-taoibh na súid isteach na líonta arís agus thoisigh an sglabhuidheacht ath-uair. Ní dóigh liom gur fhulaing mé oiread cruadhtan ariamh b'ionchurtha leis an gcéad feachtas úd. Nuair a bhaineamar Grimsby amach arís bhí mé ar an dé deiridh. Thugas an leabaidh orm fhéin is mé a' dheanamh go raibh mo phort seinnte. Cureadh fios ar an doctúir nuair a thoisigh mé a' ramhaillighe. Dubhairt an doctúir, ámh, nach raibh de dhíth orm acht neart codlata agus cothuighthe agus go mbéinn ar mo chois go beo arís i gceann seachtmhaine. B'fíor dó! Rinne an seachtmhain saoire úd, agus cearn eile a tugadh duinn de bharr doininne, fear úr diom. Chuaidh mé ar an dara feachtas gur strac mé le fuacht is le callshaoth arís agus bhraith mé rud éigin ní bfearr ag a dheire ná mar a bhraith an chéad iarracht. Faoi'n lá go raibh leath-dosaon turas im bhlac ní raibh beann agam ar anró ná tuirse.

Bhí mo chorp go cruaidh agus m'uchtach go h-árd agus, rud ní ba deise ná an t-íomlan, bhí sparan teann agam arís. Gan chaoi a chaithte ba ghearr go raibh céad punt i dtaisge agam. D'fostuigh mé cófra i mbanc de chuid an bhaile gur chruinnuigh mé mo stór annsin. Chuir mé leis go riaghalta, bunadhas mo chuid páighe gach uair a bhuaillfinn port i nGrimsby i ndiaidh feachtas mór-fhairrige. Bhí an t-iascaireacht go maith sna bliadhanta úd agus airgead maith le déanamh aisti. Bhí a rian orm; taobh istoigh de chuig bliadhna bhí mé ar mo shógh. Ceart go leor, d'aithin mé nach mbéinn riamh arís chomh maith as is bhíos tráth i Nua Eabhrach agus tráth roimhe sin i San Francisco, acht bhéadh riar mo cháis agam agus beagan lena chois. Ar an ádhbhar, b'féidir, go raibh an saol feicthe, a mhílse is a sheirbhe blasta agam, ní raibh aon chaitheamh agam le cearrbhach as ná le ragairne. Bhí sé canta fúm i measg mo chompanach go rabhas an-stuamdha agus caithfidh go ndeachaidh an cáil seo chomh fada le